AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 6.5.2013
SWD(2013) 166 final

# DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

***A ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh**

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí, ábhar atáirgthe plandaí, táirgí cosanta plandaí, agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, 1829/2003, 1831/2003, 1/2005, 396/2005, 834/2007, 1099/2009, 1069/2009, 1107/2009, Rialacháin (AE) Uimh. 1151/2012, [….[/2003 [*Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach uimhir an Rialacháin lena leagatr síos na forálacha maidir le bainistiú caiteachais i ndáil leis an mbiashlabhra, sláinte ainmhiithe agus leas ainmhithe agus ábhar atáirgthe plandaí*] agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE, 2008/120/CE agus 2009/128/CE (Rialachán maidir le rialuithe oifigiúla)**

{COM(2013) 265 final}
{SWD(2013) 167 final}

GA GA

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

*A ghabhann leis an doiciméad*

**Togra le haghaidh**

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí, ábhar atáirgthe plandaí, táirgí cosanta plandaí, agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, 1829/2003, 1831/2003, 1/2005, 396/2005, 834/2007, 1099/2009, 1069/2009, 1107/2009, Rialacháin (AE) Uimh. 1151/2012, [….[/2003 [*Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach uimhir an Rialacháin lena leagatr síos na forálacha maidir le bainistiú caiteachais i ndáil leis an mbiashlabhra, sláinte ainmhiithe agus leas ainmhithe agus ábhar atáirgthe plandaí*] agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE, 2008/120/CE agus 2009/128/CE (Rialachán maidir le rialuithe oifigiúla)**

## 1. AN FHADHB A SHAINIÚ

Cúlra

Is faoi na Ballstáit (BS) atá sé reachtaíocht an Aontais Eorpaigh (AE) maidir leis an slabhra agraibhia a fhorfheidhmiú déanann údaráis na mBallstát faireachán lena áirithiú go ndéantar na ceanglais ábhartha a fhorfheidhmiú go héifeachtach ar fud an AE. Sa tslí sin, fíoraíonn siad go bhfuil gníomhaíochtaí oibreoirí agus táirgí a chuirtear ar mhargadh an AE (táirgthe san AE féin nó allmhairithe ó thríú tíortha) ag comhlíonadh na gcaighdeán agus na gceanglas ábhartha maidir leis an slabhra agraibhia. Tá gach oibreoir gnólachta, is cuma beag nó mór iad, faoi réir na rialuithe oifigiúla, ag brath ar an riosca don slabhra agraibhia a d'fhéadfadh a bheith ag roinnt gníomhaíochtaí éagsúla. Go deimhin, is ionann gnólachtaí beaga, lena n-áirítear micrifhiontair, agus níos mó ná leath de líon iomlán na n-oibreoirí i bhformhór na mBallstát agus d'fhéadfadh rioscaí tromchúiseacha a bheith faoi cheilt acu in ainneoin scála laghdaithe a ngníomhaíochtaí (amhail an ghéarchéim E-coli a bhí ann le déanaí).

Le Rialachán 882/2004 ( 'an Rialachán' anseo feasta) bunaítear rialacha comhchuibhithe an AE chun gníomhaíochtaí rialaithe arna ndéanamh ag na Ballstáit a rialú agus é mar chuspóir acu cur chuige comhtháite comhionann a chruthú i leith rialuithe oifigiúla feadh an tslabhra agraibhia. Leis an Rialachán cuirtear creat ginearálta ar fáil do rialuithe oifigiúla sna hearnálacha a bhaineann le **dlí na beatha agus an bhia, agus rialacha maidir le leas ainmhithe agus sláinte ainmhithe**, lena leagtar síos rialacha lena rialaítear eagrú agus maoiniú rialuithe den sórt sin.

In ainneoin an chur chuige comhtháite sin thuas, ar chúiseanna stairiúla, rialaíodh go leithleach na rialuithe chun críocha sláinte ainmhithe (táirgí intíre agus táirgí

allmhairithe araon) agus na rialuithe maidir le hiarmhair de tháirgí íocshláinte tréidliachta. Ina theannta sin, bhí earnálacha áirithe a bhaineann leis an slabhra agraibhia nár áiríodh i raon feidhme an Rialacháin - i.e. **sláinte plandaí, ábhar atáirgthe plandaí ('AAP' anseo feasta), seachtháirgí ainmhithe ( 'STAanna' anseo feasta) -** agus cruthaíodh córais earnálacha shonracha dóibh **.**

Leis an Rialachán tugadh isteach feabhsuithe tábhachtacha ar an tslí a n-eagraíonn údaráis inniúla (UI) rialuithe oifigiúla agus mar a chuireann siad i gcrích iad feadh an tslabhra agraibhia lena leagtar síos an bhunchloch le haghaidh cur chuige níos comhtháite agus níos cothrománaí. Ach le fianaise a bailíodh le cúig bliana anuas, áfach, (aiseolas ó údaráis inniúla na mBallstát agus ó gheallsealbhóirí, agus iniúchóireachtaí ón Oifig Bia agus Tréidliachta de chuid Ard-Stiúrthóireacht na Sláinte agus na dTomhaltóirí) léiríodh go raibh easnaimh mar thoradh ar chur chun feidhme/gnóthú neamhiomlán prionsabal/cuspóirí áirithe, agus toisc nach bhfuil an cur chuige comhtháite i leith rialuithe oifigiúla ach comhdhlúite go páirteach.

Tá an t-athbhreithniú ar an Rialachán mar chuid de phacáiste ina bhfuil trí mhór-athbhreithniú eile chun an *aquis*[1] maidir le sláinte ainmhithe, sláinte plandaí agus AAP a nuachóiriú . Is é an aidhm atá leis córas na rialuithe oifigiúla a nuachóiriú agus a chomhtháthú ar shlí a bheadh comhsheasmhach le haon uasghrádú ar bheartais an AE a dhéanfaí sna hearnálacha sin.

<u>Fadhbanna a shainaithint</u>

Cé go n-áirithíonn na Ballstáit go bhfuil leibhéal maith ann maidir le cur chun feidhme rialuithe oifigiúla feadh an tslabhra agraibhia, agus gur féidir an dul chun cinn a thomhas leis na huirlisí forfheidhmiúcháin a bhunaítear leis an Rialachán, sainaithníodh easnaimh sa chóras ar chúpla cúis, **leagan amach chreat na rialuithe oifigiúla** ar thaobh amháin, agus **éiginnteacht faoi acmhainní leordhóthanacha a bheith ar fáil chun na rialuithe oifigiúla a mhaoiniú i gceart** ar an taobh eile.

*Leagan amach chreat na rialuithe oifigiúla*

(1) Níl príomhchuspóir an Rialacháin chun cur chuige comhtháite aonfhoirmeach a fhorbairt i leith rialuithe oifigiúla curtha i gcrích ina iomlán: Níl rialacha an AE maidir le rialuithe oifigiúla ailínithe ina n-iomlán leis na prionsabail agus na ceanglais atá leagtha amach sa Rialachán. Dá dheasca sin, tá **easnaimh** agus **bearnaí dlí** ann toisc easpa forálacha tábhachtacha a bheith san hearnálacha sin chun cuntasacht, iontaofacht agus éifeachtacht gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin a áirithiú (féach samplaí lgh. 7-8 sa tuarascáil). Dá bhrí sin, feidhmíonn údaráis rialaithe ar bhonn cur chuige éagsúil agus faoi dhálaí éagsúla ag brath ar na rialacha sonracha maidir leis an slabhra agraibhia a iarrtar orthu a fhorfheidhmiú agus gan aon bhonn cirt leis an éagsúlacht a bheith tugtha.

(2) Ceanglaítear leis an Rialachán go mbeadh na rialuithe oifigiúla **bunaithe ar rioscaí** chun éifeachtúlacht na ngníomhaíochtaí rialaithe atá dírithe ar chosaint

[1] Fuarthas tuairimí dearfacha cheana féin ón mBord um Measúnú Tionchair maidir leis na Measúnuithe Tionchair a ghabhann leis na hathbhreithnithe ar Shláinte Ainmhithe agus ar Shláinte Plandaí. Tá an Measúnú Tionchair a ghabhann leis an athbhreithniú ar Ábhar Atáirgthe Plandaí fós ar siúl.

na sláinte a uasmhéadú. I láthair na huaire, tá dhá réimse ann nach n-úsáidtear iontu go fóill an cur chuige atá bunaithe ar riosca, eadhon rialuithe oifigiúla a dhéantar ag an teorainn **ar tháirgí áirithe a thagann ó thríú thíortha**, agus rialuithe oifigiúla a dhéantar **ar iarmhair de tháirgí íocshláinte tréidliachta** (féach samplaí lgh. 8-9 sa tuarascáil). Is í an phríomhchúis atá leis sin go bhfuil rialuithe den sórt sin forordaithe ag rialacha an AE, rialacha a bhí ann roimh an Rialachán agus nach n-aisghairtear leis, agus ní bhunaítear leo sásraí iomchuí chun aird a thabhairt ar an riosca a d'fhéadfadh teacht ó earra sonrach, ó ghníomhaíocht ghnó nó ó thríú tír. Mar thoradh air sin leithdháilfear acmhainní - i ngach Ballstát – ar rialuithe nach bhfuil aon bhonn cirt leo ó thaobh riosca de agus dá dheasca sin cuirtear acmhainní poiblí nach beag amú (am agus airgead) a bhféadfaí úsáid níos fearr a bhaint astu i gcásanna ina bhfuil rioscaí níos mó. Mar thoradh ar úsáid neamhéifeachtúil acmhainní bíonn ualaí nach gá ar oibreoirí freisin (an t-am, an fhoireann, an trealamh agus na saoráidí arna n-úsáid le haghaidh rialuithe).

(3) Leagtar **ualaí riaracháin** nach gá ar Udaráis inniúla na mBallstát. Meastar gurb amhlaidh atá sa tslí is go bhfuil sé de cheangal ar na Ballstáit nuashonruithe bliantúla ar a bpleananna maidir le faireachán ar iarmhair de tháirgí íocshláinte tréidliachta a chur faoi bhráid an Choimisiúin le go bhformheasfaí iad. Tá na hoibleagáidí sonracha tuairiscithe sa réimse céanna iomarcach toisc go ndéantar dúbláil leo ar an gceanglas ginearálta tuairiscithe sa Rialachán. Is ann do na hualaí sin de dheasca na n-oibleagáidí ar na Ballstáit atá leagtha síos i dTreoir 96/23/CE.

(4) Ina theannta sin, cé go bhfuil sé de cheangal ar shaotharlanna oifigiúla a bheith creidiúnaithe i gcomhréir le EN ISO/IEC 17025, ní cheadaítear sa Rialachán socruithe sealadacha i gcásanna éigeandála nó i gcásanna nach mór do shaotharlanna modh nua a úsáid nach bhfuil san áireamh fós sa chreidiúnú (féach samplaí ar lch. 10 sa tuarascáil). Sa tslí chéanna, ní dhéantar foráil maidir le solúbthacht do shaotharlanna beaga a bhíonn i mbun cineálacha tástálacha fíorbhunúsacha (féach samplaí lch.10 sa tuarascáil).

(5) Áirítear sa Rialachán roinnt prionsabal agus sásraí a bhfuil tábhacht leo atá á bhforfheidhmiú go héagothrom faoi láthair ag údaráis inniúla na mBallstát nó á gcur i bhfeidhm de réir cleachtas éagsúil i measc na mBallstát. Go háirithe i gcás glaonna ar chúnamh riaracháin (i) idir na Ballstáit maidir le gníomhaíocht fhorfheidhmiúcháin trasteorann, agus (ii) idir údaráis sláintíochta agus seirbhísí custaim. Níl na Ballstáit ag baint lánúsáide as an uirlis sin, áfach, agus/nó ní thuigeann siad na coinníollacha a bhaineann lena chur i bhfeidhm (féach samplaí lch. 10 den tuarascáil). Bíonn cleachtais éagsúla ar bun sna Ballstáit i leith ceanglais eile maidir leis an oibleagáid atá ar údaráis inniúla na mBallstát 'ardleibhéal trédhearcachta' i ndáil le gníomhaíochtaí rialaithe i dtaca le hoibreoirí agus leis an bpobal i gcoitinne a áirithiú. Is amhlaidh atá, go príomha, toisc nach ndéantar aon fhoráil sa Rialachán maidir le haon treoir chuimsitheach maidir le conas comhar a chur i gcrích (an t-uainiú, an fhaisnéis atá le malartú etc.) nó cén t-eolas ba cheart a chur ar fáil don phobal. Anuas air sin, ní thugtar de chumhacht don Choimisiún tuilleadh mionsonraí agus rialacha mionsonraithe cur chun feidhme atá aonfhoirmeach a leagan síos.

*Rialuithe oifigiúla a mhaoiniú*

(1) Iarrtar ar na Ballstáit a áirithiú go bhfuil acmhainní airgeadais leordhóthanacha le fáil i gcomhair rialuithe oifigiúla. Ach, léirítear ó iniúchtaí na mBallstát agus na hOifige Bia agus Tréidliachta go bhfuil **deacrachtaí forleathana** sna Ballstáit chun seirbhísí rialaithe a mhaoiniú mar is iomchuí. In Iarscríbhinn XV (lch. 132 den tuarascáil) liostaítear roinnt cásanna suntasacha, le 4 bliana anuas, ina bhfuil sé tuairiscithe ag cigirí de chuid an AE gurb é **easpa nó ganntanas acmhainní** (féach samplaí lch. 11 den tuarascáil) an chúis atá leis na heasnaimh a sainaithníodh sna gníomhaíochtaí rialaithe nó an chúis atá leis an leibhéal míshásúil nó leordhóthanach rialuithe. Leis an ngéarchéim leanúnach eacnamaíoch agus airgeadais is amhlaidh gur mó na deacrachtaí sin agus le tuilleadh brú ar airgeadas poiblí agus ar chistí le haghaidh rialuithe oifigiúla, tá an baol ann nach mbeidh ar chumas na mBallstát rialuithe oifigiúla éifeachtúla a chur i bhfeidhm ná leibhéal cosanta arna thairiscint ag dlí an AE a choimeád ach an oiread dá réir sin.

Ionas nach mbeifear ag brath chomh mór sin ar airgeadas poiblí chun rialuithe a mhaoiniú, sainítear roinnt gníomhaíochtaí rialaithe (maidir le feoil, bainne, táirgeadh iascaigh, agus maidir le rialauithe arna ndéanamh ag teorainneacha an AE) lenar féidir leis na Ballstáit **táille a bhailiú ó oibreoirí (*táille éigeantach*) chun costais rialaithe a ghnóthú**. Maidir le gníomhaíochtaí rialaithe eile, is féidir leis na Ballstáit an cinneadh a dhéanamh faoi tháille a ghearradh ar oibreoirí nó gan é a ghearradh.

Mar a rialaítear táillí éigeantacha faoi láthair, áfach, ní féidir le húdaráis inniúla a gcostais go léir a ghnóthú agus, dá bhrí sin, soláthar iontaofa acmhainní a áirithiú chun rialuithe a mhaoiniú**.**

Ina theannta sin, tá éagsúlacht shuntasach sa mhéid a ghnóthaíonn gach Ballstát le haghaidh gníomhaíochtaí rialaithe oifigiúil, agus dá dheasca sin tá an tuairim ann i measc gnólachtaí, ar fud an AE, nach bhfuil costas na ngníomhaíochtaí rialaithe oifigiúil leagtha go cothrom ná go cóir ar oibreoirí an tslabhra agraibhia san AE. Tá de ghearán ag oibreoirí freisin nach leor an luach saothair a thugtar d'iompraíocht chomhlíontach ghnó faoin gcóras atá ann faoi láthair (agus tá cur chuige *bonus malus* níos láidre á iarraidh acu).

(2) I gcás ina mbíonn sé de cheangal ar oibreoirí táillí éigeantacha a íoc, d'fhéadfadh tionchar na dtáillí sin a bheith níos mó ar **mhicrifhiontair** toisc láimhdeachas/tréchur níos ísle a bheith acu. Cé nach bhfuil aon fhianaise ann faoi láthair a thabharfadh le fios gurb iad na táillí éigeantacha mar a ghearrtar iad faoin gcreat atá ann faoi láthair is cúis leis na héifeachtaí díréireacha dochracha ar mhicrifhiontair, ní mór go mbeadh sé de chumas ag údaráis rialaithe costais a ghnóthú lena áirithiú go mbeidh acmhainní leordhóthanacha acu le haghaidh rialuithe oifigiúla agus ba cheart é sin a thomhas i bhfianaise an riachtanais an t-ualach atá ar ghnólachtaí an-bheag a ísliú, i gcomhréir le beartas nua an Choimisiúin maidir leis an ualach rialála a laghdú a mhéid is féidir do FBManna agus maidir le rialáil san AE a chur in oiriúint do riachtanais na micrifhiontar[2]. De réir an bheartais sin, ba cheart micrifhiontair a

[2] COM(2011)803.

eisiamh ó ualaí rialála, i bprionsabal, mura féidir a léiriú, ar bhonn riachtanais agus comhréireachta, gur cheart iad a chur san áireamh.

## 2. ANAILÍS AR CHOIMHDEACHT

Ta gá le creat reachtach comhchuibhithe san AE chun eagrú agus feidhmiú na rialuithe oifigiúla feadh an tslabhra agraibhia a rialú chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach rialacha an tslabhra agraibhia ar fud an AE agus feidhmiú éifeachtúil an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú. Leis an réasúnaíocht sin, atá bailí fós, cuirtear taca faoi na rialacha atá ann cheana maidir le rialuithe oifigiúla. Toisc go bhfuil na fadhbanna a sainaithníodh san athbhreithniú sin ceangailte le creat reachtach an AE mar atá sé faoi láthair, ní féidir leis na Ballstáit, agus iad ag gníomhú leo féin, an t-athchóiriú a chur i gcrích air. Tá gá le hidiragairt an reachtóra Eorpaigh .

Leis an mbreisluach a ghabhann le sraith aonair aonfhoirmeach rialacha an AE lena rialaítear rialuithe oifigiúla tugtar creat do lucht forfheidhmithe náisiúnta (agus a n-oibreoirí) faoinar féidir le húdaráis inniúla brath ar ghníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin arna ndéanamh i mBallstát eile, agus ar in-atáirgeacht agus iontaofacht eolaíoch agus theicniúil torthaí rialaithe. Áirítear leis freisin go gcuirfear caighdeáin shlabhra agraibhia an AE is gá d'fheidhmiú an mhargaidh aonair i bhfeidhm ar bhonn aonfhoirmeach comhsheasmhach sna Ballstáit agus sna hearnálacha éagsúla.

Tá córas éifeachtúil rialaithe oifigiúil de chuid an AE tábhachtach d'onnmhairí agus d'allmhairí an AE araon. Tá cáil ar na caighdeáin arda táirgthe agus ar an mbreisluach a ghabhann le táirgí ón AE thar tháirgí nach ón Eoraip dóibh; tá an AE ag brath ar an gcáil sin chun táirgí a onnmhairiú go tríú tíortha. Ní féidir é sin a bhaint amach ach le córas rialuithe oifigiúla iontaofa lena n-áirithítear go bhforfheidhmítear caighdeáin sábháilteachta agus caighdeáin cháilíochta shlabhra agraibhia an AE ar bhonn comhsheasmhach agus go gcomhlíontar ionchais chomhfhreagracha comhpháirtithe trádála. Maidir le hallmhairí, is den riachtanas é go mbeadh an bia ar fad ar mhargadh an AE sábháilte. Leis na rialuithe a dhéanann údaráis inniúla na mBallstát ar earraí a thagann ó thríú tíortha áirithítear go dtugtar ráthaíochtaí iomchuí go gcomhlíonann na hearraí sin na leibhéil choibhéiseacha sábháilteachta.

Maidir le maoiniú rialuithe, le rialacha comhchoiteanna an AE, áirithítear gur féidir le húdaráis inniúla brath ar sholáthar iontaofa acmhainní chun an iarracht rialaithe a choimeád ar leibhéal a fhreagraíonn do na rioscaí agus do na riachtanais fhorfheidhmiúcháin (e.g. leibhéal an neamhchomhlíonta). Le forálacha maidir le táillí go háirithe, áirithítear i dtaca leis na gnólachtaí a bhíonn ag plé le beatha/bia, agus a bhaineann tairbhe dhíreach as rialuithe arna ndéanamh go héifeachtúil, go mbíonn siad rannpháirteach i maoiniú na rialuithe chun an spleáchas ar chistiú rialaithe ó airgeadas poiblí a íoslaghdú. Tá gá le rialacha comhchoiteanna an AE chun aon idirdhealú a sheachaint idir oibreoirí atá lonnaithe i mBallstát ina bhfuil an riail 'íoc mar a úsáidtear' (agus táillí dá dheasca) i bhfeidhm agus oibreoirí atá lonnaithe i mBallstát nach ann don riail sin. Le rialacha comhchoiteanna an AE amháin is féidir cur chuige aonfhoirmeach a áirithiú chun an cuspóir sin a chur i gcrích.

Níor cheart gníomhaíocht an AE a leathnú thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Sa mheabhrán seo tá plé déanta ar go leor roghanna lena n-áirítear leibhéil táillí a chomhchuibhiú i ngach Ballstát, agus ar shaincheist na dírialála. Rinneadh iarracht san anailís teacht ar an réiteach ba chomhréirí chun soláthar leordhóthanach comhleanúnach acmhainní tiomnaithe le haghaidh rialuithe oifigiúla a áirithiú, agus an t-am céanna agus an tsolúbthacht is gá ag na Ballstáit chun freastal ar a socruithe inmheánacha agus ar shainiúlachtaí a bpobal gnó**.**

## 3. CUSPÓIRÍ BEARTAIS

Is iad seo a leanas na cuspóirí ginearálta (atá ag teacht i gcoitinne le cuspóirí an Chonartha) ná:

1. cur le feidhmiú éifeachtúil an mhargaidh inmheánaigh a chur chun cinn;

2. ardleibhéal a choimeád maidir le cosaint sláinte an duine, sláinte ainmhithe agus plandaí agus maidir le leas ainmhithe agus féachaint chuige nach mbainfear an bonn de mura gcuirfear reachtaíocht an AE chun feidhme;

3. cur chun feidhme ceart aonfhoirmeach reachtaíocht an AE a áirithiú.

Leagtar síos na cuspóirí agus é mar sprioc acu deireadh a chur leis na bacainní sonracha arna sainaithint le linn na hainilíse, ar bacainní iad a chuireann cosc nó a chuireann isteach ar chur i gcrích na gcuspóirí ginearálta sa réimse sin.

**Tábla 1: cuspóirí sonracha agus an bhaint atá acu leis na fadhbanna**

<table>
<tr><th></th><th>An fhadhb i dtrácht</th><th>Cuspóirí sonracha</th></tr>
<tr><td rowspan="5">Dearadh creata rialuithe oifigiúla</td><td>Míréireachtaí, bearnaí agus forluí i gceanglais rialaithe</td><td>Cur chuige cuimsitheach agus comhsheasmhach i leith rialuithe oifigiúla a áirithiú feadh an tslabhra agraibhia.</td></tr>
<tr><td>Cur chun feidhme neamh-chomhsheasmhach an chur chuige rioscabhunaithe</td><td>Úsáid éifeachtúil acmhainní rialaithe náisiúnta a éascú</td></tr>
<tr><td>Ualach riaracháin agus ceanglais dhíréireacha</td><td>An t-ualach riaracháin a laghdú agus deireadh a chur le ceanglais nach gá</td></tr>
<tr><td rowspan="2">Ceanglais comhair agus trédhearcachta arna bhforfheidhmiú ar bhonn neamh-chomhsheasmhach</td><td>Feabhas a chur ar thrédhearcacht</td></tr>
<tr><td>Comhar a chothú idir na Ballstáit chun cur i gcrích rialaithe oifigiúil a fheabhsú.</td></tr>
<tr><td>Maoiniú rialuithe oifigiúla</td><td>Deacrachtaí agus éagothromais maidir le gníomhaíochtaí rialuithe oifigiúla a mhaoiniú.</td><td>- Acmhainní leordhóthanacha a áirithiú<br>- Cothromas agus cothroime i ndáil le maoiniú rialuithe oifigiúla a áirithiú<br>- Feabhas a chur ar thrédhearcacht an chórais i ndáil le maoiniú rialuithe oifigiúla</td></tr>
</table>

## 4. ROGHANNA BEARTAIS

Bhí dhá chéim i gcur i gcrích na hanailíse ar na roghanna a bhí ann:

(1) ar an gcéad dul síos, pléadh an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar an status quo ag dhá athrú a d'fhéadfaí a dhéanamh ag díriú go sonrach ar an tsaincheist maidir le maoiniú rialuithe oifigiúla a dhírialáil (rogha 1A) agus ar mhicrifhiontair a dhíolmhú ón gcóras táillí (rogha 1B)[3];

(2) úsáideadh na torthaí ón anailís ar rogha 1 chun rogha 2 - 4 a cheapadh ina n-áirítear na heilimintí seo a leanas: raon feidhme an Rialacháin a leathnú chun earnálacha a bhaineann leis an mbiashlabhra nach bhfuil faoina réir faoi láthair a áireamh (i.e. sláinte plandaí, AAP agus STAanna), ii) an creat reachtach a fheabhsú agus a shimpliú, iii) gnóthú iomlán costas trí thaillí a áirithiú, iv) liosta na ngníomhaíochtaí rialaithe lena ngabhann táille éigeantach ó oibreoirí a mhéadú.

<u>An cás bunlíne:</u>
níl comhtháthú an chórais rialuithe oifigiúla feadh an tslabhra agraibhia iomlán, tá roinnt earnálacha a bhaineann leis an slabhra agraibhia lasmuigh de raon feidhme an Rialacháin. Maidir le rialuithe oifigiúla arna ndéanamh ag teorainneacha seachtracha an AE ar earraí áirithe a thagann ó thríú tíortha, agus rialuithe oifigiúla ar iarmhair de tháirgí íocshláinte tréidliachta, níl siad ailínithe leis an gcur chuige rioscabhunaithe. Mar sin beidh costais a d'fhéadfaí a sheachaint fós á nginiúint (ar rialuithe arna bhforordú go daingean nach bhfuil rioscabhunaithe). Neamhréireacht agus neamhéifeachtúlachtaí maidir le himlonnú iarrachtaí ag údaráis náisiúnta, agus i gcomhar lena chéile, a bheidh mar thoradh ar easpa treorach aonfhoirmí i leith comhar riaracháin a chur chun feidhme agus ardleibhéal trédhearcachta a chur i gcrích. Ní dhéantar foráil maidir le haon mhaolú ar an gceanglas chun saotharlanna oifigiúla a chreidiúnú.

Beidh an bailiú táillí éigeantach i gcomhair líon áirithe gníomhaíochtaí rialaithe. Is féidir leis na Ballstáit an rogha a dhéanamh táille chaighdeánach de chuid an AE arna socrú sa Rialachán a ghearradh, táille nach ionann í agus costas iarbhír an rialaithe. D'fhéadfadh tearcmhaoiniú a bheith mar thoradh air sin, agus chomh maith leis sin an riosca go mbainfí an bonn d'inniúlacht an chórais rialaithe rioscaí sláinte feadh an tslabhra agraibhia a chosc agus a shrianadh.

<u>Rogha 1A – Rialacha an Aontais maidir le táillí rialaithe a aisghairm</u>: dhéanfadh gach Ballstát cinneadh maidir leis an gcur chuige a leanann sé i dtaca le cistiú gníomhaíochtaí rialaithe oifigiúil, ar choinníoll go n-áirithíonn sé go bhfuil leibhéal iomchuí acmhainní ann do rialuithe. D'éileofaí leis **Airteagail 27** go **29** den Rialachán agus bailiú éigeantach táillí i réimsí áirithe go háirithe **a aisghairm**.

<u>Rogha 1B – Díolúine éigeantach micrifhiontar ó tháillí a chur i bhfeidhm:</u> leis an rogha seo, a roghnaíodh i bhfianaise iarrachtaí leanúnacha an Choimisiúin iomaíochas micrifhiontar a chur chun cinn, **d'éileofaí líon na n-oibreoirí ar a**

[3] Go teoiriciúil, cé go bhféadfaí Rogha 1A agus Rogha 1B a chomhcheangal le heilimintí eile de Rogha 2 – Rogha 4, tíolactar iad agus déantar measúnú orthu ina n-aonar mar gheall ar shuntasacht na n-athruithe atá beartaithe lena dtabhairt isteach. Go deimhin, leis an dá rogha d'athrófaí an creat atá ann faoi láthair go suntasach maidir le maoiniú na gcóras rialaithe náisiúnta agus an bonn a bhaint de phrionsabail iontu atá bunaithe. Ina theannta sin, ní mórán de chomhbhabhtálacha a bheadh mar thoradh ar Rogha 1A agus Rogha 1B a chomhcheangal le heilimintí eile de Rogha 2 – Rogha 4 agus dá dheasca sin ba bheag an t-athrú a bheadh ar an anailís chostais/sochair i leith Rogha 1A agus Rogha 1B.

**ngearrtar táillí éigeantacha a shrianadh ar bhonn iomchuí chun micrifhiontair a dhíolmhú.**

Rogha 2 – Cuíchóiriú: feabhas a chur ar an gcreat reachtach trí na rialacha is infheidhme maidir le **rialuithe** arna gcur i gcrích ag teorainneacha seachtracha an AE ar **earraí áirithe ó thríú tíortha** a chuíchóiriú agus maidir le rialuithe ar **iarmhair de tháirgí íocshláinte tréidliachta** a chuíchóiriú, agus ar an gcaoi sin **ailínítear** iad leis an g**cur chuige rioscabhunaithe**. Thabharfaí isteach an fhéidearthacht sásraí comhordaithe rialaithe le húdaráis eile náisiúnta a shocrú (ag teorainneacha agus eile) d'fhonn na **sineirgí oibríochtúla uile a d'fheadfadh a bheith ann** a úsáid. Dhéanfaí na forálacha maidir le **saotharlanna** oifigiúla a **shimpliú** ach na maoluithe a bheith iomchuí. Dhéanfaí **reachtaíocht** a bhí ann cheana atá iomarcach nó as feidhm a **aisghairm** chun deireadh a chur le **forluí agus le hualaí riaracháin**. Le gníomhartha tarmligthe/cur chun feidhme, thabharfaí **de chumhacht** don **Choimisiún** na rialacha mionsonraithe maidir le ceanglais áirithe a shonrú ar rialacha mionsonraithe iad a bhfuil gá le rialacha níos mionsonraithe lena n-aghaidh (e.g. **comhar riaracháin** agus **trédhearcacht**).

I gcás ina bhfuil an ceanglas ann cheana, choimeádfaí táillí éigeantacha agus **chuirfí deireadh leis** na bacainní atá ann faoi láthair ar ghnóthú iomlán costas (e.g. **táillí caighdeánacha** comhchuibhithe an AE). D'fhéadfadh na Ballstáit **na micrifhiontair a dhíolmhú**. Dhéanfaí foráil maidir le hidirthréimhse **2 bhliain** chun córas iomlán gnóthaithe costas a chur i bhfeidhm.

Rogha 3 – Cuíchóiriú + Comhtháthú i dteannta Rogha 2, le Rogha 3 **leathnófaí raon feidhme an Rialacháin** chun na hearnálacha nach n-áirítear faoi láthair a áireamh (sláinte plandaí, AAP agus STAanna) agus chun 'comhtháthú' rialuithe oifigiúla a chur i gcrích. Maidir le maoiniú rialuithe oifigiúla, chuirfí na rialuithe oifigiúla a bhaineann le hoibleagáidí maidir le **pasanna plandaí,** agus leis an **deimhniú** i réimse AAP ar liosta na ngníomhaíochtaí arna gcumhdach ag **táillí éigeantacha**[4].

Rogha 4 - Cuíchóiriú + Comhtháthú + gnóthú níos leithne costas: i dteannta Rogha 3, le rogha 4 **chuirfí le liosta na dtáillí cigireachta éigeantacha** chun na rialuithe uile arna ndéanamh ag gnólachtaí bia agus beatha a áireamh ar rialuithe iad dá mbunaítear ceanglas **clárúcháin** i gcomhréir leis **na rialacha sábháilteachta maidir le bia agus beatha.** Dhéanfaí foráil maidir le hidirthréimhse **3 bliana** chun córas iomlán gnóthaithe costas a bhfuil an raon feidhme níos leithne ag gabháil leis a chur i bhfeidhm.

**Tábla 2: Achoimre ar na roghanna atá san anailís**

| | **Raon feidhme an Rialacháin** | **Creat reachtach** | **Gnóthú costas** | **Raon feidhme táillí éigeantacha** |
|---|---|---|---|---|
| **Bunlíne** | i bpáirt (gan sláinte plandaí, AAP, STAanna a áireamh) | easpaí agus easnaimh | i bpáirt | i bpáirt (feoil, bainne, iascach, allmhairí) |
| **Rogha 1A:** | status quo | status quo | Ar bith (dírialáil) | / |

4 Dhéanfaí é sin chun míniú a thabhairt ar rogha na tosaíochta arna roghnú i bhfianaise na Measúnuithe Tionchair a ghabhann leis an athbhreithniú ar na córais Sláinte Plandaí agus AAP.

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Rogha 1B:** | status quo | status quo | status quo | díolúine ag micrifhiontair |
| **Rogha 2** | status quo | feabhsaithe | iomlán | status quo |
| **Rogha 3** | é a leathnú go sláinte plandaí agus AAP | feabhsaithe | iomlán | CUIR sláinte plandaí agus AAP LEIS |
| **Rogha 4** | é a leathnú go sláinte plandaí agus AAP | feabhsaithe | iomlán | GACH oibreoir bia agus beatha atá cláraithe |

## 5. MEASÚNÚ TIONCHAR

Sa mheasúnú tionchair déantar anailís ar thionchair dhóchúla shóisialta, eacnamaíocha agus chomhshaoil na roghanna beartais éagsúla – bídís díreach nó indíreach. Rinneadh gach rogha a mheasúnú os coinne an bhunlíne theoiriciúil 'ná déan faic' agus dá bharr sin is i dteannta an status quo atá ann faoi láthair atá na tionchair sin. Is trí na critéir seo a leanas a dhéantar na tionchair eacnamaíocha a mheasúnú: *iomaíochas, nuálaíocht, inbhuanaitheacht, simpliú, agus laghdú ar an ualach riaracháin.* Tá na tionchair shóisialta chomh tábhachtach céanna don anailís (*sábháilteacht* go háirithe, ach *cuntasacht* freisin). Níor sainaithníodh aon tionchar suntasach (diúltach ná dearfach) sa mheasúnú ar gach rogha ó thaobh tionchar ar an gcomhshaol nó ar rátaí fostaíochta.

<u>Rogha 1A – Rialacha an Aontais maidir le táillí rialaithe a aisghairm:</u>

Le haisghairm chreat an AE mar atá maidir le táillí cigireachta is dócha gur níos mó éagsúlachta i gcuir chuige náisiúnta a thiocfaidh as, agus d'fhéadfadh gearradh siar ar acmhainní arna leithdháileadh ar rialuithe teacht as freisin.

Cé go mbeadh an tionchar ar leibhéal na n-acmhainní arna n-úsáid ag brath ar na roghanna beartais a dhéanfadh gach Ballstát, agus mar sin ní féidir é a thuar ná a anailísiú i gceart, ní dócha go dtiocfar ar aon réiteach ar na fadhbanna arna sainaithint maidir leis an gcóras táillí atá ann faoi láthair, amhail nach féidir gnóthú ceart costas a áirithiú, nó mar a bhraitheann feidhmiú rialuithe ar bheartais bhuiséadacha. Leis an ngéarchéim eacnamaíoch atá ann faoi láthair d'fhéadfadh fadhbanna dul in olcas dá mbeadh de thoradh ar chinntí na mBallstát laghdú ar na hacmhainní a chuirtear ar fáil chun na córais náisiúnta rialuithe a oibriú. Dá dheasca sin bheadh tuilleadh deacrachtaí ag na húdaráis inniúla maoirseacht éifeachtach a choinneáil ar chomhlíonadh na gceanglas sábháilteachta feadh an tslabhra agraibhia agus deacrachtaí géarchéimeanna ar mhórscála a chosc agus a réiteach.

Le haisghairm chreat an AE is corpas reachtach níos casta a thiocfadh as toisc gur dócha go dtiocfadh méadú ar na héagsúlachtaí sna rialacha náisiúnta maidir le maoiniú rialuithe. D'fhéadfadh saobhadh iomaíochais a bheith mar thoradh air sin dá ngearrfaí táillí i gcomhair rialuithe ar oibreoirí i mBallstát amháin agus gan aon mhuirear ar iomaitheoirí i mBallstát eile, agus bheadh drochthionchar ar an margadh aonair dá dheasca.

<u>Rogha 1B – Díolúine éigeantach micrifhiontar ó tháillí a chur i bhfeidhm:</u>

*I dtaca le díolúine éigeantach micrifhiontar ó tháillí a chur i bhfeidhm, cé go laghdófaí leis an t-ualach airgeadais ar mhicrifhiontair, bhainfeadh sé an bonn den chuspóir maidir le hinbhuanaitheacht an chórais rialaithe a áirithiú, agus dá dheasca sin bhainfeadh sé an bonn de shábháilteacht an tslabhra agraibhia.*

Maidir le 16 Bhallstát as 23 Ballstát a bhfuil sonraí ar fáil ina leith, is ionann micrifhiontair agus mó ná leath de na gnólachtaí ar fad, agus i naoi mBallstát acu sin (AT, BE, CY, FI, IT, NL, PL, SE, SI) is ionann céatadán na micrifhiontar agus dhá thrian (ar a laghad) de na na hoibreoirí gnólachtaí ar fad. I gcás inarb ionann na micrifhiontair agus mórthromlach na ngnólachtaí atá faoi réir táillí, bheadh drochthionchar an-mhór ar chion na gcostas a ghnóthódh na húdaráis inniúla dá ndíolmhófaí iad ó tháillí a íoc. Bhainfí an bonn den chuspóir maidir le maoiniú inbhuanaithe rialuithe trí ghnóthú iomlán costas a áirithiú, toisc nár mhór fós rialuithe a dhéanamh ar gach oibreoir ag minicíocht arna héileamh ag an riosca.

Cé go bhféadfaí caillteanas ioncaim na n-údarás inniúil mar gheall ar an díolúine a chúiteamh le haistrithe ón mbuiséad ginearálta, chruthófaí leis sin ardspleáchas na gníomhaíochta rialaithe ar acmhainní poiblí, agus go háirithe in am na géarchéime agus na srianta buiséid, chruthófaí leis sin staid neamhchinnte airgeadais nach bhféadfaí a réiteach leis an gcuspóir maidir le gníomhaíochtaí rialaithe comhsheasmhacha, éifeachtúla agus comhchuimseacha feadh an tslabhra agraibhia a áirithiú. Is éard a bheadh mar thoradh ar ioncam reatha níos ísle d'údaráis inniúla níos lú rialuithe, dóchúlacht níos airde i leith neamhchomhlíonadh reachtaíocht an AE maidir leis an slabhra agraibhia, agus chuirfí sábháilteacht an tslabhra agraibhia i gcontúirt ag riosca breise i dtaca le géarchéimeanna bia.

Ar an taobh eile, dá ndéanfaí an caillteanas ioncaim a chúiteamh le táillí níos airde ar ghnólachtaí níos mó, is éard a bheadh mar thoradh ar dhíolúine éigeantach micrifhiontar ó tháillí go caithfí go héagórach le hoibreoirí níos mó agus d'fhéadfadh saobhadh iomaíochais a bheith mar thoradh air freisin.

Bunaithe ar an anailís sin, a bhfuil lántacaíocht aici ó na húdaráis inniúla agus ó na hionadaithe tionscail lena ndeachthas i gcomhairle, dá dtabharfaí uathdhíolúine do mhicrifhiontair (nó do FBManna go ginearálta) ó tháillí a chur i bhfeidhm, meastar go bhféadfadh sé an bonn a bhaint den chuspóir maidir le hinbhuanaitheacht na gcóras rialaithe náisiúnta a áirithiú agus d'fhéadfadh saobhadh iomaíochais a bheith mar thoradh air[5]. Sna roghanna seo a leanas mar sin, cuirtear sásra a fhreagraíonn d'easnaimh den sórt sin in ionad díolúine micrifhiontar ó tháillí a chur i bhfeidhm.

<u>Rogha 2 - Cuíchóiriú.</u>

*Le breis éifeachtúlachta in úsáid na n-acmhainní rialaithe atá rioscabhunaithe agus le gluaiseacht acmhainní tiomnaithe airgeadais lena laghdaítear an brú ar an airgeadas náisiúnta, is féidir dul chun cinn a dhéanamh i dtaca leis an bpríomhchuspóir maidir le rialuithe éifeachtúla agus sábháilteacht an tslabhra*

5 Tá an chonclúid fíor freisin i gcásanna ina ngearrtar taillí éigeantacha ar gach oibreoir beatha agus bia atá cláraithe (Rogha 4) toisc go mbíonn cion na micrifhiontar sna réimsí éagsula den slabhra agraibhia i gcónaí an-suntasach (léirítear le sonraí a foilsíodh in Aibreán 2012 ag Fooddrinkeurope gurb ionann micrifhiontair agus 79% d'oibreoirí sa tionscal bia agus dí).

*agraibhia a choimeád. D'fhéadfadh na Ballstáit micrifhiontair a dhíolmhú i bpáirt nó go hiomlán de réir na rialacha maidir le Státchabhair.*

Le Rogha 2 d'fhéadfaí **an cur chuige rioscabhunaithe** a chur chun feidhme go hiomlán, is é sin an cur chuige maidir le rialuithe oifigiúla in earnalácha nach féidir leis na húdaráis inniúla ná na Ballstáit, faoi láthair, a n-iarrachtaí rialaithe a choigeartú i leith na rioscaí atá ann (i.e. rialuithe oifigiúla arna ndéanamh ag teorainneacha an AE ar earraí áirithe ó thríú tíortha, agus rialuithe oifigiúla ar iarmhair de tháirgí íocshláinte tréidliachta). D'fhéadfadh leithdháileadh níos fearr acmhainní rialaithe a bheith mar thoradh air sin, agus córas rialaithe níos éifeachtúla a bheith ann dá bharr. Ina theannta sin, dá mbeadh sé ar chumas na n-údarás náisiúnta a n-iarrachtaí rialaithe a dhíriú ar chásanna ina bhfuil neamhchomhlíonadh agus rioscaí níos airde ann, laghdófaí an t-ualach rialuithe oifigiúla ar ghnólachtaí comhlíontacha agus dá bharr sin d'imreofaí dea-thionchar ar a n-iomaíochas. Ní bheadh an tairbhe ar fad ó thaobh breis éifeachtúlachta agus iomaíochais ann áfach, toisc nach bhfuil sláinte plandaí, AAP ná STAanna san áireamh i raon feidhme an Rialacháin. Is trína áirithiú go ndéanann na húdaráis inniúla an tosaíocht rioscaí i ngach earnáil den slabhra agraibhia, lena n-áirítear na hearnálacha thuas, an t-aon slí amháin chun an leithdháileadh is fearr maidir le hacmhainní rialaithe a chur i gcrích. Le hilroinnt na reachtaíochta maidir le rialuithe oifigiúla atá ann faoi láthair coisctear ésin.

**Maidir le maoiniú rialuithe oifigiúla,** dá mbeadh sé de cheangal ar na Ballstáit iomlán na gcostas rialuithe a ghnóthú i gcás ina bhfuil táillí éigeantacha i bhfeidhm, ghinfí soláthar ní ba shocra acmhainní airgeadais trí tháillí den sórt sin a bhailiú rud a laghdódh an brú ar bhuiséid náisiúnta.

I bhformhór na mBallstát, ní ghnóthaítear costais rialaithe ach i bpáirt trí tháillí, agus an ráta gnóthaithe ag síneadh ó 20% go breis is 80%, agus iomlán na gcostas gnóthaithe in 8 mBallstát. Dá bhrí sin, dá dtabharfaí isteach gnóthú iomlán costas tharlódh, i gcásanna áirithe, go mbeadh cuid bhreise de chostais na rialuithe á haistriú go hoibreoirí an tslabhra agraibhia, agus á leithdháileadh orthu. Ceaptar nach substaintiúil an t-ualach breise ar oibreoirí a bheidh sa mheadú ar leibhéal na dtáillí éigeantacha, a bhféadfadh athrú teacht air de réir an ráta gnóthaithe atá ann faoi láthair, fiú sna hearnálacha sin ina mbíonn an tionchar is mó ag na costais rialuithe ar chostais iomlána táirgthe na n-oibreoirí, mar atá cigireacht feola, (ag baint úsáide as na figiúirí i mbosca 6, lch. 31, ag brath ar chéatadán na gcostas a ghnóthaíonn na Ballstáit faoi láthair, is féidir linn meastachán a thabhairt go ngearrfaí táillí breise a bheadh ag teacht le tuairim is 0.2% - 0.8% de luach táirgthe bliantúil an ghnáth-oibreora. dá bharr sin, ráthófaí tuairim is EUR 0.9 billiún – EUR 3.4 billiún de chistí nua sa bhliain i gcomhair rialuithe oifigiúla ar fud na mBallstát[6].

Dá gcuirfí deireadh le húsáid táillí caighdeánacha an AE agus dá mbeadh sé de cheangal gach táille a bheith bunaithe ar chostas, chruthófaí le Rogha 2 cothroime iomaíochta do na hoibreoirí ar fad a ngearrfaí táillí éigeantacha orthu. Leis na forálacha nua áiritheofar gur féidir leis na Ballstáit an sásra maoinithe rialuithe a úsáid chun luach saothair a bhronnadh ar ghnólachtaí ísealriosca a n-éiríonn go maith

6 Luach táirgthe earnála EUR 400 billiún sa bhliain. Líon na n-earnálacha 60,000 (Eurostat 2008). Gnóthaíonn meántáille bhliantúil chigireachta in aghaidh an oibreora ar chostas iomlán tuairim is EUR 80,000 sa bhliain (Sonraí Tionscail).

leo,agus arís féadfaidh siad an sásra a úsáid nuair a chuirfear táillí ar ráta comhréidh i bhfeidhm ar gach oibreoir beag beann ar aon chigireacht a bheith déanta orthu le linn na tréimhse tagartha (trí tháille ar ráta níos ísle a ghearradh orthu ná mar a ghearrfaí ar oibreoirí neamhchomhlíontacha).

I dtaca leis an gceanglas maidir le gach táille a ríomh ar bhonn costas, ceaptar go gcuirfear ualaí breise teoranta riaracháin ar na Ballstáit sin nach socraíonn táillí faoi láthair ar bhonn na gcostas arna dtabhú, mar d'fhéadfadh athrú ar a nósanna imeachta riaracháin a bheith ag teastáil. Cé go bhfaigheann formhór na mBallstát cuid de na taillí éigeantacha ó chostais iarbhír ar a laghad, d'fhéadfadh coigeartú ar na córais chostála atá ann faoi láthair a bheith ag teastáil ó chóras atá bunaithe go hiomlán ar chostais. **Ceaptar go mbeidh** costais bhreise **ar acmhainn buiséad poiblí** (de réir meastachán ó 2 Bhallstát bheidís idir **cúpla míle euro sa bhliain** in am coibhéiseach lánaimseartha a chaithfí chun sonraí a bhailiú agus a chur le chéile don ríomh, **agus figúirí níos airde (EUR 0.5 milliún aonuaire)** dá socrófaí uirlis thiomnaithe TF a d'fhéadfadh an t-am agus na hacmhainní a chaithfi ar gach cigireacht a thaifeadadh, féach bosca 6 ar lch.31 den tuarascáil). Tugtar aird ar an gcoigeartú sin i Rogha 2 trí 2 bhliain a thabhairt do na Ballstáit a gcórais riaracháin a ullmhú don tsamhail nua chostála/táillí.

Le Rogha 2 mhéadofaí cuntasacht na ngníomhaíochtaí rialaithe trí nasc níos treise a chruthú idir costais agus táillí le trédhearcacht mhéadaithe na sásraí táillí (thuigfeadh oibreoirí go soiléir cén fáth a bhfuiltear ag gearradh táillí orthu agus conas a shocraítear muirir i bhfianaise na gcostas ar na húdaráis inniúla). Leis an tsoiléireacht fheabhsaithe sin spreagfaí éifeachtúlacht níos fearr maidir le córais rialaithe oifigiúil agus bheadh an Coimisiún in ann maoirseacht níos fearr a dhéanamh ar an gcur chun feidhme. Ina theannta sin, le breis trédhearcachta chuirfí leis an gcuspóir maidir lena áirithiú nach gcuirfí isteach ar ioncaim táillí agus an úsáid a bhí beartaithe dóibh (costais rialaithe a chúiteamh).

D'fhéadfadh na Ballstáit an tionchar a bheadh ag gnóthú iomlán costas ar mhicrifhiontair a laghdú ach iad a dhíolmhú, go hiomlán nó i bpáirt, i dtaca leis na táillí arna n-íoc, ar choinníoll go n-aistreofaí suim ar cóimhéid ón mbuiséad ginearálta chuig na húdaráis inniúla ach ar shlí nach bhfágfaí na húdaráis inniúla gan na hacmhainní is gá chun a gcúraimí rialaithe a dhéanamh.

<u>Rogha 3 – Cuíchóiriú + Comhtháthú</u>

*Le córas rialuithe a bheadh go hiomlán comhtháite feadh an tslabhra agraibhia d'uasmhéadófaí éifeachtúlacht an fhorfheidhmiúcháin le simpliú agus méaduithe sineirge, rud a d'éascódh comhlíonadh na gcuspóirí i ndáil le reachtaíocht maidir leis an slabhra agraibhia. D'fhéadfadh na Ballstáit micrifhiontair a dhíolmhú i bpáirt nó go hiomlán ó tháillí, ar choinníoll go n-aistreodh an Ballstát suim ar cóimhéid chuig na húdaráis inniúla ón mbuiséad ginearálta.*

I dteannta na dtionchar ar tarraingíodh aird orthu le Rogha 2, dá leathnófaí raon feidhme an Rialacháin le go n-áireofaí réimsí sláinte plandaí, AAP agus STAanna, d'áiritheofaí le Rogha 3 go mbeadh cur chuige comhchuibhithe ann i leith rialuithe oifigiúla feadh an tslabhra agraibhia agus na sainiúlachtaí a bhaineann le gach earnáil á gcur san áireamh más gá. Bheadh an córas iomlán níos comhsheasmhaí agus níos iontaofa toisc go mbeadh na sásraí agus na cúraimí céanna in úsáid i ngach earnáil.

Is é an AE a sheasfaidh na chéad chostais a bhainfidh leis an oibleagáid nua creidiúnaithe maidir le saotharlanna sláinte plandaí (féach Iarscríbhinn XIX, lch. 194) agus tá idirthréimhse 5 bliana beartaithe chun tabhairt isteach rianúil na hoibleagáide nua a éascú.

Rogha 4 - Cuíchóiriú + Comhtháthú + Gnóthú níos leithne costas

*Dá ndéanfaí bailiú na dtáillí éigeantacha a leathnú amach chun príomhghníomhaíochtaí an tslabhra agraibhia a áireamh, leis an rogha sin chuirfí le hinbhuanaitheacht an chórais rialaithe i gcoitinne agus laghdófaí léi an spleáchas foriomlán ar chinntí buiséadacha. Áirithítear léi chomh maith cur chuige níos cothromaí i leith táillí cigireachta, trí dheireadh a chur leis an éagóir a bhraitear i leith an chórais atá ann faoi láthair, córas faoina gceanglaítear táillí a ghearradh ar chatagóirí áirithe oibreoirí amháin. D'fhéadfadh na Ballstáit micrifhiontair a dhíolmhú i bpáirt nó go hiomlán ó tháillí ar choinníoll go n-aistreodh an Ballstát suim ar cóimhéid chuig na húdaráis inniúla ón mbuiséad ginearálta.*

Is ag dul i ndeacracht atá sé údar a thabhairt le táillí éigeantacha a bheith teoranta go traidisiúnta d'earnálacha na feola agus an bhainne agus do sheiceálacha ag teorainneacha ar tháirgí de bhunadh ainmhíoch, agus is é an teorannú sin is bun leis an éagóir a bhraitear i measc na n-oibreoirí a bhfuil táillí á ngearradh orthu. Go deimhin, leis an Rialachán, agus leis an gceanglas ar na húdaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar rioscaí, rialuithe a phleanáil agus a dhéanamh feadh an tslabhra agraibhia, ní ann don réasúnaíocht táillí a ghearradh ar na hearnálacha sin amháin. Áirithítear le Rogha 4 go mbaineann táillí éigeantacha le príomhréimsí an tslabhra agraibhia freisin, ina mbaineann oibreoirí beatha agus bia araon tairbhe go díreach as rialuithe oifigiula arna ndéanamh go héifeachtúil, rud a chabhraíonn leo bia agus beatha sábháilte a chur ar an margadh. I gcás ina leagtar an ceanglas i ndáil le gnóthú costas ar gach gníomhíocht rialaithe atá dírithe ar shábháilteacht bia agus beatha a áirithiú, áirithítear go bhfeidhmíonn tionchair dhearfacha Rogha 2 maidir le hinbhuanaitheacht mhéadaithe rialuithe ar scála níos leithne.

Bhraithfeadh an tionchar eacnamaíoch ar gach Ballstát agus ar oibreoirí agus ar an ngearrann na Ballstáit táillí éigeantacha (agus a mhéid a ghearrann siad) ar earnálacha nach bhfuil faoina réir. De réir na sonraí ó na Ballstáit a ghearrann táillí, tagann athrú ar na méideanna de réir mhéid/thréchur an ghnólachta agus níl iontu ach **codán neamhbhríoch de na costais táirgthe.** Cuir i gcás, táillí a chuirtear i bhfeidhm ar bhonn bliantiúil beag beann ar aon chigireacht a bheith déanta orthu i rith na bliana, d'fhéadfadh na táillí sin bheith **an-íseal (EUR 84.5 sa bhliain do na bialanna ar an scála is lú sa Bheilg) nó níos airde, ach fós gan a bheith suntasach (EUR 1,500 sa bhliain do na bácúis thionsclaíocha ar an scála is mó san Iodáil).**

Sna Ballstáit ina ngearrtar an costas iarbhír ar gach iniúchadh a dhéantar, braitheann an méid ar an gcostas ar ghníomhaíochtaí rialaithe in aghaidh na huaire. Braitheann minicíocht rialaithe oifigiúil ar an riosca, ar thaifead comhlíonta na n-oibreoirí, ar iontaofacht a seiceálacha féin, etc. agus tagann athrú uirthi ag brath ar an earnáil agus ar chatagóir an ghnólachta. Chun críocha léirithe is **sampla tipiciúil** é an miondíoltóir bia, arna rialú ar bhonn bliantúil, ag cigire amháin a chaitheann 1.5 uair an chloig i mbun seiceálacha agus 1.5 uair an chloig i mbun riaracháin chun ullmhú chuige agus chun tuairisc a thabhairt air. Dá ngearrfaí táille bunaithe ar an am rialaithe arna úsáid, **chosnódh rialú hipitéiseach den sórt sin** timpeall **EUR 50 sa**

**bhliain** sa Pholainn, **EUR 150 sa bhliain** san Iodáil. Bheadh minicíocht chomhchosúil ag cigireachtaí ar bhialanna ach thógfaidís níos mó ama agus chosnóidís idir 30-40% sa bhreis (EUR 65 sa bhliain sa Pholainn, suas le EUR 210 sa bhliain san Iodáil). Ar fud an domhain, d'fhéadfadh sé sin idir EUR 2.3 billiún – agus méid atá i bhfad níos airde ná an figiúr sin a ráthú (suas le EUR 37 billiún sa chás hipitéiseach go ngearrfaí rátaí ar na hoibreoirí ar fad atá á gcur i bhfeidhm faoi láthair ar na gnólachtaí bia is mó, i.e. timpeall EUR 1,500)[7].

Amhail Rogha 2, mar thoradh ar Rogha 4 bheadh ualaí breise teoranta riaracháin ar na húdaráis inniúla chun córas bailithe táillí a bhunú, agus is dócha go mbeidís ar an scála ceánna le cás Rogha 2, ach méadaithe fíorbheagán ag raon feidhme níos leithne an ríomha. Bheadh costais den sórt sin ag dul i laghad de réir a chéile de réir mar a bheadh na sásraí bailithe táillí á gcuíchóiriú agus ag dul chun éifeachta . Thabharfaí idirthréimhse 3 bliana do na Ballstáit.

[7] Táillí nua comhcheangailte do na hearnálacha atá faoi réir táillí éigeantacha (i.e. taillí breisithe in earnáil na feola faoi Rogha 2) agus táillí atá le gearradh den chéad uair faoi Rogha 4. Líon na n-earnálacha 25 milliún (Eurostat 2008). Raon tipiciúil na dtáillí arna ngearradh faoi Rogha 4 – EUR 85 – EUR 1,500 (féach thuas).

## 6. COMPARÁID NA ROGHANNA

**Tábla 3: Roghanna os coinne na gcuspóirí**

| **Cuspóirí ginearálta** | **Rogha 1A:** | **Rogha 1B:** | **Rogha 2** | **Rogha 3** | **Rogha 4** |
|---|---|---|---|---|---|
| Cuir le feidhmiú éifeachtúil an mhargaidh inmheánaigh a chur chun cinn | Éagsúlachtaí idir na Ballstáit a d'fhéadfadh cur le hiomaíochas agus cur isteach air | **(0)** | (+) Cuirtear deireadh le saobhadh mar thoradh ar chleachtais éagsúla (táillí) (áit a bhfuil feidhm ag táillí éigeantacha faoi láthair) | (++) Amhail Rogha 2, agus ina teannta bheadh feidhm ag rialacha cuíchóirithe maidir le rialuithe oifigiúla feadh gach réimse den slabhra agraibhia | (+++) Amhail Rogha 3, agus ina teannta cuirtear deireadh le saobhadh a bhaineann le táillí sna réimsí nua arna gcumhdach ag táillí éigeantacha |
| Ardleibhéal a choimeád maidir le cosaint sláinte an duine, sláinte ainmhithe agus plandaí agus maidir le leas ainmhithe agus féachaint chuige nach mbainfear an bonn de mura gcuirfear reachtaíocht an AE chun feidhme | (-)Laghdú a d'fheadfadh a bheith ar rialuithe agus ar an gcumas freagairt do rioscaí | **(0)** | (+) Le tuilleadh rialuithe rioscabhunaithe mhéadófaí an éifeachtúlacht agus an cumas freagairt do rioscaí | (++) Uasmhéadaítear éifeachtulacht rialuithe agus laghdaófaí na rioscaí i dtaca le cosaint nach bhfuil barrmhaith | (++) Amhail Rogha 3 |
| Cur chun feidhme ceart aonfhoirmeach reachtaíocht an AE a áirithiú. | Forfheidhmiú an dlí ar shlí nach bhfuil barrmhaith i gcás laghdú ar acmhainní | **(0)** | (+) Liosta níos soiléire de ghníomhaíochtaí a bhfuil táille le gearradh orthu agus liosta na gcostas; táillí bunaithe ar chostais amháin | (++) Na ceanglais chéanna agus na cúraimí céanna i ngach earnáil den slabhra agraibhia | (++) Amhail Rogha 3 |
| Cur chuige cuimsitheach agus comhsheasmhach i leith rialuithe oifigiúla a áirithiú feadh an tslabhra agraibhia | **(0)** | **(0)** | (+) Úsáid chomhsheasmhach an phrionsabail rioscabhunaithe | (++) Na cúraimí agus na sásraí céanna in úsáid i ngach earnáil | (++) Amhail Rogha 3 |
| Úsáid níos éifeachtúla acmhainní rialaithe náisiúnta a éascú | **(0)** | **(0)** | (+) Cur chuige atá go hiomlán rioscabhunaithe | (++) Le gach réimse den slabhra agraibhia san áireamh d'fhéadfaí tosaíocht thrasearnálach rioscaí a éascú | (++) Amhail Rogha 3 |
| An t-ualach riaracháin a laghdú agus deireadh a chur le ceanglais nach gá | (0) Cuirtear deireadh leis an ualach riaracháin a bhaineann le rialacha an AE maidir le táillí, ach riaródh na Ballstáit a gcórais féin | **(0)** | (+) Deireadh le pleananna agus tuarascálacha iomarcacha | (++) Amhail Rogha 2 | (++) Amhail Rogha 2 |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Comhar níos dlúithe a chothú idir na Ballstáit chun cur i gcrích rialaithe oifigiúil a fheabhsú. | **(0)** | **(0)** | Is féidir rialacha maidir le comhar riaracháin a ghlacadh agus sineirgí a fhorbairt (speiceas coimhthíoch ionrach) | (+++) D'fhéadfadh sineirgí a bheith ann freisin i gcás na n-earnálacha a bhaineann le sláinte plandaí agus AAP | (++) Amhail Rogha 3 |
| Soláthar leordhóthanach acmhainní a áirithiú. | (-) Bheadh cistiú leordhóthanach ag brath ar roghanna buiséadacha – is chun donais atá cúrsaí ag dul maidir le gnóthú costas a áirithiú in am na géarchéime | (--)easpa cistí, toisc nach ngearrtar aon táillí ar mhicrifhiontair | (++) Ós rud é go mbaileofaí an costas trí bhíthin táillí, bheadh laghdú ar an spleáchas ar bhuiséid náisiúnta agus ar an mbrú ar na buiséid sin | (++) Amhail Rogha 2 | (+++) Amhail Rogha 2, ar scála níos leithne |
| Cothromas agus cothroime i ndáil le maoiniú rialuithe oifigiúla a áirithiú. | (-)Ní féidir cothrom na Féinne a ráthú toisc go bhféadfadh éagsúlachtaí a bheith sna cuir chuige i leith táillí | (-)Níl cothrom na Féinne ann toisc buntáiste a bheith ag micrifhiontair | (+) Bheadh ar na hoibreoirí ar fad a ngearrtar táillí éigeantacha orthu costas iarbhír rialuithe a íoc | (++) Amhail Rogha 2 | (++) Amhail Rogha 2, agus ina teannta **ghearrfaí táille ar na hoibreoirí ar fad** a bhaineann an tairbhe is mó as rialuithe |
| Feabhas a chur ar thrédhearcacht, lena n-áirítear trédhearcacht an chórais i ndáil le maoiniú rialuithe oifigiúla. | **(0)** | | (++) Is féidir mionsonraí a thabhairt maidir le ceanglais 'ard-trédhearcachta'; bheadh an sásra táille níos trédhearcaí | (++) Amhail Rogha 2 | (++) Amhail Rogha 2 |

| | | Rogha 1.A táillí a dhírialáil | Rogha 1.B micrifhiontair a dhíolmhú | Rogha 2 Cuíchóiriú | | Rogha 3 Cuíchóiriú + comhtháthú[8] | | Rogha 4 Cuíchóiriú +comhtháthú + gnóthú níos leithne costas: | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | **Gníomhaíocht** | **€** | **Gníomhaíocht** | **€** | **Gníomhaíocht** | **€** | **Gníomhaíocht** | **€** |
| **UI Bhallstát** | **Costas** | Braithfidh sé ar na roghanna arna ndéanamh ag gach Ballstát cibé acu an ngearrfaidh siad nó nach ngearrfaidh siad táille ar rialuithe oifigiúla (1A) agus an ngnóthfaidh siad costais rialuithe ar mhicrifhiontair ó ghnólachtaí eile agus an % de sin (1B) | | Córas tuairiscithe a bhunú agus a oibriú chun táillí a ríomh agus a ghearradh | EUR 0.5 milliún aonuaire + EUR 2000 sa bhliain (in aghaidh an Bhallstáit) | Mar an gcéanna (le Rogha 2 + Sláinte Plandaí agus Ábhair Atáirgthe Plandaí) | Mar an gcéanna | Mar an gcéanna le Rogha 2 & Rogha 3 | Mar an gcéanna |
| | **Tairbhe** | | | Cistiú cobhsaí i réimsí ina bhfuil táillí gearrtha cheana féin i.e. earnáil na feola **(breisiú go % na gcostas atá gearrtha cheana féin chun gnóthú iomlán costas a bhaint amach)** | Ag brath ar % ghnóthú na gcostas ag na Ballstáit. Tuairim is EUR 0.9 billiún – EUR 3.4 billiún de chistí nua sa bhliain ar fud Bhallstáit an AE[9],[10] | Mar an gcéanna | Mar an gcéanna | Gnóthú iomlán costas maidir leis na rialuithe oifigiúla ar fad ar oibreoirí cláraithe + mar 'bhreisiú' de réir Rogha 2 | Neasiomlán na dtáillí nua **EUR 2.3 billiún - EUR 37 billiún sa bhliain** Ar fud Bhallstáit an AE[11] + EUR 0.9 – EUR 3.4 billiún sa bhliain |
| | | | | | | | | | |
| **Oib. Gnólachta** | **Costas** | Braithfidh sé ar na roghanna arna ndéanamh ag gach Ballstát cibé acu an ngearrfaidh siad nó nach ngearrfaidh siad táille ar rialuithe oifigiúla (1A) agus an ngnóthfaidh siad costais rialuithe ar mhicrifhiontair ó ghnólachtaí eile agus an % de sin (1B) | | Breisiú ar tháillí atá ann cheana (earnáil na feola) chun gnóthú iomlán costas a bhaint amach | Ag brath ar % ghnóthú na gcostas ag na Ballstáit. Tuairim is EUR 0.9 – EUR 3.4 billiún de táillí nua (Ar fud Bhallstáit an AE) (tuairim is **0.2** – **0.8**% de luach bliantúil an táirge in | Mar an gcéanna (le Rogha 2 + Sláinte Plandaí agus Ábhair Atáirgthe Plandaí) | Mar an gcéanna | Costais nua ar oibreoirí nach ngearrtar faoi láthair (earnálacha seachas earnáil na feola) + 'breisiú' de réir Rogha 2 | Neasiomlán na dtáillí nua EUR 2.3 - EUR 37 **billiún sa bhliain** ar fud Bhallstáit an AE + EUR 0.9 – EUR 3.4 billiún sa bhliain |

8 Maidir le Rogha 3, baineann costais/tairbhe le sláinte plandaí, AAP agus STAanna a áireamh sa raon feidhme, a bhfuil measúnú déanta ar a dtionchar sna Measúnuithe Tionchair ábhartha maidir leis na hearnálacha sin nach n-áirítear anseo.

9 Luach táirgthe earnála EUR 400 billiún sa bhliain (Ard-Stiúrthóireacht na Fiontraíochta). Líon na n-earnálacha 60,000 (Eurostat 2008). Gnóthaíonn meántháille bhliantúil chigireachta in aghaidh an oibreora ar chostas iomlán tuairim is EUR 80,000 sa bhliain (Iarscríbhinn XI den Mheasúnú Tionchair).

10 Tá idir 30% agus 80% de tháillí cigireachta á ngearradh faoi láthair ar fhormhór na n-oibreoirí sna Ballstáit aonair, agus cuid acu ag íoc 100%.

11 Táillí nua do na hearnálacha sinatá le gearradh den chéad uair faoi Rogha 4 Líon na n-oibreoirí nach bhfuil faoi réir táilli faoi láthair – 25m (Eurostat 2008) Líon na n-oibreoirí nach bhfuil faoi réir táilli faoi láthair – 25m (Eurostat 2008)

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | earnáil na feola[12] ) | | | | |
| | **Tairbhe** | | Cur chuige rioscabhunaithe i leith rialuithe maidir le táirgí íocshláinte tréidliachta | Coigilteas EUR 12.4 – EUR 98.5 milliún sa bhliain ar fud an AE (faoi réir táille) | Mar an gcéanna | Mar an gcéanna | Mar an gcéanna le Rogha 2 & Rogha 3 | Mar an gcéanna |

[12] Bunaithe ar mheastúcháin ó thionscal na Ríochta Aontaithe.

Rogha na Tosaíochta

Meastar gur le Rogha 4 is fearr a chuirfear na cuspóirí i gcrích ( féach an achoimre sa tábla thuas) Go deimhin, cé go dtugtar le fios go mbeidh costais ghaolmhara theoranta ag baint le comhtháthú iomlán na n-earnálacha ar fad sa slabhra agraibhia sa tslí go mbeidh creat reachtach aonair ann, is leis an gcomhtháthú atá an cur chuige is fearr maidir leis an ualach riaracháin a shimpliú, a shoiléiriú, a laghdú agus a dhéanamh comhleanúnach. **Maidir le maoiniú na rialuithe, coimeádtar le Rogha 4 inbhuanaitheacht fhadtéarmach na gcóras náisiúnta rialaithe trína spleáchas ar airgeadas poiblí a laghdú agus tríd an riosca go mbeidh tionchar ag an ngéarchéim eacnamaíoch agus airgeadais atá ann faoi láthair ar leibhéal na n-acmhainní rialaithe atá le fáil a laghdú. Déantar cúiteamh ar na costais bhreise theoranta ar oibreoirí le rialuithe níos éifeachtúla, sásraí a thabharfaidh luach saothair ar chomhlíonadh, agus cuntasacht mhéadaithe i leith seirbhísí rialaithe.**

## 7. FAIREACHÁN AGUS MEASTÓIREACHT

Tá sé mar aidhm ag an athbhreithniú ar chreat reachtach an AE is infheidhme maidir le rialuithe oifigiúla feadh an tslabhra agraibhia éifeachtúlacht agus comhsheasmhacht an chórais a fheabhsú, agus inbhuanaitheacht fhadtéarmach an chórais a áirithiú. Cibé rogha a dhéanfar meastar go soiléireofar léi na rialacha atá ann faoi láthair agus go mbeidh sé níos fusa d'údaráis inniúla na mBallstát iad a chur i bhfeidhm. Chun measúnú a dhéanamh ar rath na mbeartas arna dtabhairt isteach, sainaithníodh na príomhtháscairí dul chun cinn seo a leanas atá ag teacht le cuspóirí oibriúcháin an ghnímh beartais:

| Cuspóirí oibriúcháin | Táscairí |
|---|---|
| Creat reachtach aonair níos simplí a bhunú do rialuithe oifigiúla | - Líon na n-iarratas ar léirmhíniú dlí arna bhfáil ag an gCoimisiún<br>- Líon píosaí reachtaíochta ar leibhéal an AE a bhfuil feidhm acu maidir le rialuithe oifigiúla in aghaidh na hearnála/an táirge<br>- An t-athrú tuairiscithe ar an meánualach riaracháin ar an thonscal agus ar na Ballstáit |
| Gach rialú, lena n-áirítear rialuithe teorann, rioscabhunaithe | Suirbhé ar na Ballstáit féachaint an bhfuil acmhainní arna saoradh leis an athbhreithniú seo á n-úsáid chun rialuithe a dhéanamh i réimsí ina bhfuil riosca níos airde |
| Méadú ar líon na gcásanna ina réitítear cásanna forfheidhmiúcháin trasteorann trí chúnamh agus comhar riaracháin | - Líon na dteagmhálacha trí phointí teagmhála comhair riaracháin a fhoráiltear le hAirteagal 35 den Rialachán<br>- Líon na ngearán ó oibreoirí eacnamaíocha ina léirítear mar a theip ar na Ballstáit imscrúduithe a chomhordú i gcásanna neamhchomhlíonta trasteorann |
| Méadú ar líon na n-ionstraimí ar bhonn foirmiúil idir na húdaráis inniúla agus na húdaráis custaim chun rialuithe oifigiúla a chur i bhfeidhm | Líon na gcomhaontuithe seirbhíse arna gcur ar bhonn foirmiúil idir na húdaráis inniúla agus údaráis eile lena n-áirítear údaráis custaim |
| Laghdú ar mhinicíocht torthaí míshásúla forfheidhmiúcháin i dtuarascálacha ón Oifig Bia agus Tréidliachta luaite le heaspa acmhainní | Treochtaí i líon na dtuarascálacha ón Oifig Bia agus Tréidliachta luaite le heaspa acmhainní sna Ballstáit |